TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
BIONDI
arna tabhairt an 6 Feabhra 2025[1]

Cás C-17/24

CeramTec GmbH
v
Coorstek Bioceramics LLC

(iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation (an Fhrainc))

(Tarchur chun réamhrialú – Trádmharc de chuid AE – Meon mímhacánta an iarratasóra – Dearbhfhorais le clárú a dhiúltú – Comhartha nach bhfuil ann ach cruth feidhmiúil na n-earraí – Easpa nasc idir an réiteach teicniúil agus na trádmharcanna cláraithe)

I. Réamhrá

1. San iarraidh ar réamhrialú seo, iarrann an Cour de cassation (an Chúirt Achomhairc, an Fhrainc) ar an gCúirt Bhreithiúnais an forluí a d'fhéadfadh a bheith ann idir raon feidhme na ndearbhfhoras le neamhbhailíocht an trádmhairc Comhphobail (trádmharc de chuid AE anois) a leagtar síos in Airteagal 52(1)(a) agus (b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009[2] atá bunaithe, faoi seach, ar cheann de na dearbhfhorais le diúltú do chlárú a liostaítear in Airteagal 7(1) den Rialachán sin agus ar mheon mímhacánta an iarratasóra.

2. Go sonrach, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an leor an rún chun na cearta chun réiteach teicniúil arna sealbhú faoi phaitinn atá imithe in éag a bhuanú chun meon mímhacánta an iarratasóra a bhunú ar dháta comhdaithe an iarratais ar thrádmharc, i gcás inar léir, tar éis an dáta sin, nach bhfuil aon réiteach teicniúil san áireamh sa chomhartha ar iarradh clárú ina leith agus, dá bhrí sin, nach féidir an trádmharc atá i gceist a chur ar neamhní ar bhonn Airteagal 52(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, arna léamh i gcomhar leis an bhforas iomlán chun clárú a dhiúltú a leagtar síos in Airteagal 7(1)(e)(ii) den Rialachán sin, lena bhféachtar le cosc a chur ar chlárú comharthaí lena dtugtar monaplacht do dhílseánach an trádmhairc ar réitigh den sórt sin.

3. Chuige sin, tarchuireann an chúirt sin trí cheist chuig an gCúirt Bhreithiúnais, an chéad cheist a bhaineann leis an ngaol idir na dearbhfhorais neamhbhailíochta dá bhforáiltear in Airteagal 52(1)(a) agus (b), faoi seach, de Rialachán Uimh. 207/2009, agus an dara ceist agus an tríú ceist a bhaineann le léiriú Airteagal 52(1)(b) den Rialachán sin.

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

[2] Rialachán (CE) ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis an trádmharc Comhphobail (IO 2009 L 78, lch. 1).

4. Rinneadh an iarraidh ar réamhrialú in imeachtaí arna dtionscnamh ag CeramTec GmbH ('CeramTec') mar gheall ar shárú i gcoinne Coorstek Bioceramics LLC ('Coorstek'), inar ardaigh Coorstek frithéileamh ar dhearbhú neamhbhailíochta maidir le trí thrádmharc de chuid AE atá faoi úinéireacht CeramTec.

II. An dlí lena mbaineann

5. Leasaíodh Rialachán Uimh. 207/2009 le Rialachán (AE) 2015/2424,[3] a tháinig i bhfeidhm an 23 Márta 2016, agus rinneadh é a aisghairm ansin agus cuireadh Rialachán (AE) 2017/1001 ina ionad, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2017.[4] Sa chás seo, tagann fíorais uile na díospóide sna príomhimeachtaí *ratione temporis* faoi raon feidhme Rialachán Uimh. 207/2009 ina leagan bunaidh.[5]

6. Foráiltear le hAirteagal 7(1)(e)(ii) de Rialachán Uimh. 207/2009, sa leagan is infheidhme maidir le fíorais na bpríomhimeachtaí, nach chlárófar comharthaí nach bhfuil iontu ach 'cruth na n-earraí atá riachtanach chun toradh teicniúil a fháil'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7. Foráiltear le hAirteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 207/2009:

'Dearbhófar trádmharc de chuid AE a bheith neamhbhailí ar iarratas chuig an Oifig [um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (Trádmharcanna agus Dearaí)] nó ar bhonn frithéilimh in imeachtaí um shárú:

a) i gcás gur cláraíodh an trádmharc [de chuid AE] de shárú ar fhorálacha Airteagal 7;

b) i gcás go raibh an t-iarratasóir ag gníomhú de mheon mímhacánta nuair a rinne sé an t-iarratas ar an trádmharc a chomhdú.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

III. An díospóid sna príomhimeachtaí, na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

8. Is cuideachta é CeramTec atá bunaithe sa Ghearmáin agus a dhéanann speisialtóireacht i bhforbairt, monarú agus dáileadh comhpháirteanna ceirmeacha teicniúla atá beartaithe, go háirithe, le haghaidh ionchlannáin cromáin nó glúine a chomhdhéanamh, agus a dhíolann sé le monaróirí próistéisí chun próistéisí cromáin iomlána a dhéanamh, próistéisí a dhíoltar ansin le húsáideoirí deiridh, amhail ospidéil nó máinlianna ortaipéideacha.

[3] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Rialachán Uimh. 207/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 2868/95 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 40/94 ón gComhairle maidir leis an trádmharc Comhphobail, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2869/95 ón gCoimisiún maidir leis na táillí iníoctha leis an Oifig um Chomhoiriúnú sa Mhargadh Inmheánach (Trádmharcanna agus Dearaí) (IO 2015 L 341, lch. 21).

[4] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO 2017 L 154, lch. 1).

[5] Dealraíonn sé ón ordú tagartha go bhfuil na gníomhartha sáraithe líomhnaithe agus dáta na n-iarratas ar chlárú na trádmharcanna a chonspóidtear, arb é an t-aon cheann amháin atá ábhartha chun críocha an dlí substainteach is infheidhme maidir leis an bhfrithéileamh ar dhearbhú neamhbhailíochta a shainaithint (féach chuige sin breithiúnas an 20 Eanáir 2020, *Sky agus páirtithe eile* (C-371/18, 'an breithiúnas in *Sky*', EU:C:2020:45, mír 49)) roimh an 23 Márta 2016.

9. Is cuideachta atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe é Coorstek atá gníomhach i monarú comhpháirteanna leighis de cheirmeacht theicniúil ardleibhéil, go háirithe próistéisí comhpháirteacha cromáin agus droma agus próistéisí fiaclóireachta.

10. Ba é CeramTec dílseánach phaitinn Eorpach Uimh. EP 0 542 815, lenar ainmníodh an Fhrainc agus a bhain le hábhar ceirmeach ilchodach, a chuaigh in éag an 5 Lúnasa 2011.


11. An 23 Lúnasa 2011, chomhdaigh CeramTec iarratais ar thrí thrádmharc de chuid AE (na trádmharcanna atá faoi chonspóid'), eadhon:

– an trádmharc lena chumhdaítear an dath bándearg pantóin 677C, eagrán 2010, a cláraíodh an 26 Márta 2013 faoi Uimh. 010214195, faoi thosaíocht trádmhairc de chuid na Gearmáine an 21 Iúil 2011;

– an marc fíortha a thaispeántar thíos, lena n-éilítear an dath bándearg pantóin 677, a cláraíodh an 12 Aibreán 2013 faoi Uimh. 010214112, faoi thosaíocht trádmhairc de chuid na Gearmáine an 25 Iúil 2011;



– an marc tríthoiseach a thaispeántar thíos, lena n-éilítear an dath bándearg pantóin 677, a cláraíodh an 20 Meitheamh 2013 faoi Uimh. 010214179, faoi thosaíocht trádmhairc de chuid na Gearmáine an 26 Iúil 2011.



12. An 13 Nollaig 2013, thionscain CeramTec imeachtaí i gcoinne Coortek mar gheall ar shárú trádmhairc agus iomaíocht sheadánach. Rinne Coorstek frithéileamh a chomhdú ar neamhbhailíocht na trádmharcanna atá faoi chonspóid.

13. Le breithiúnas an 25 Meitheamh 2021, chuir an cour d'appel de Paris (Cúirt Achomhairc Pháras, an Fhrainc) na trádmharcanna atá faoi chonspóid ar neamhní as comhdú de mheon mímhacánta ('breithiúnas an Cour d'appel de Paris').

14. Thug an chúirt sin dá haire, ar an dáta a comhdaíodh na hiarratais ar chlárú na trádmharcanna atá faoi chonspóid, go raibh CeramTec cinnte faoi éifeacht theicniúil ocsaíd chróimiam chun cruas agus neart na liathróidí ceirmeacha a úsáidtear i bhfoirmiú próistéisí leighis a áirithiú agus go raibh sé ag iarraidh dath bándearg na liathróidí a chosaint, rud a d'eascair as an éifeacht a bhí mar thoradh ar ocsaíd chróimiam a bheith i gceirmeacht. Thug sí le fios uaidh sin go raibh sé beartaithe ag an gcuideachta sin fad a chur lena monaplacht ar an réiteach teicniúil a bhí faoi chosaint roimhe sin ag paitinn a bhí díreach imithe in éag agus cosc a chur ar iomaitheoirí dul isteach sa mhargadh a raibh smacht aici air mar thoradh ar an bpaitinn sin. Dá bhrí sin, bhí sé i gceist ag CeramTec ceart eisiach a fháil chun críocha seachas na críocha sin a thagann faoi fheidhm trádmhairc.

15. Rinne CeramTec achomharc ar phointe dlí i gcoinne bhreithiúnas an cour d'appel de Paris. Áitíonn sí gurb ionann léiriú ar Airteagal 52(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009, lena bhféadfaí trádmharc a chealú ar an bhforas amháin go raibh sé beartaithe ag a iarratasóir cearta a bhuanú i réiteach teicniúil, gan a léiriú go n-áirithítear nó go mbuanaítear leis an gceart sa trádmharc sin cosaint réiteach teicniúil den sórt sin, agus dul timpeall ar raon feidhme Airteagal 7(1)(e)(ii) den Rialachán sin agus neamhaird a dhéanamh ar réimsí cur i bhfeidhm faoi seach an dá fhoráil sin. Sa chás seo, fuair CeramTec amach, tar éis dá phaitinn dul in éag agus na trádmharcanna atá faoi chonspóid a chomhdú, nach raibh aon éifeacht theicniúil ag an ocsaíd chróimiam, a thug an dath bándearg a mhaítear leis na trádmharcanna sin. Sna himthosca sin, ní fhéadfadh na trádmharcanna atá faoi chonspóid, dar leis, dlí na dtrádmharcanna a atreorú óna chuspóir. Áitíonn sí go bhfuil rún aonair an iarratasóra neamhéifeachtach agus gurb ionann glacadh leis an réiteach contrártha agus céim siar a dhéanamh de choincheap 'an mheoin mhímhacánta' maidir leis an bhforas neamhbhailíochta a chur i bhfeidhm bunaithe ar chur i bhfeidhm comhcheangailte Airteagal 7(1)(e)(ii) agus Airteagal 52(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009 gan a cheangal go gcomhlíonfaí na coinníollacha lena chur i bhfeidhm.

16. Áitíonn Coorstek go bhfuil cuspóirí éagsúla ag Airteagal 52(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(e)(ii) den Rialachán sin agus Airteagal 52(1)(b) de, agus nach féidir a mheas gurb ionann an chéad cheann agus foráil speisialta a bhfuil tosaíocht aici ar an dara ceann. Is dhá hipitéis iad sin maidir le trádmharc a chur ar neamhní bunaithe ar fhorais atá go hiomlán ar leithligh. Dar le Coorstek, dá ndéanfaí comhartha a chomhdú d'fhonn réiteach teicniúil a fhorchoimeád ann féin, fiú dá mbeadh an éifeacht theicniúil phaitinnithe, a bhí san fhearann poiblí, neamhéifeachtach ar deireadh, bhainfí an bonn d'iomaíocht chóir.

17. Measann an chúirt a rinne an tarchur go n-ardaíonn achomharc CeramTec ceist nua maidir leis an ngaol idir Airteagal 7 de Rialachán Uimh. 207/2009, dá dtagraítear in Airteagal 52(1)(a) den Rialachán sin, agus Airteagal 52(1)(b) de. Cuireann sé in iúl gur thionscain CeramTec caingne mar gheall ar shárú ar na trádmharcanna atá faoi chonspóid i gcoinne Coorstek freisin sa Ghearmáin, sna Stáit Aontaithe agus san Eilvéis agus, i gcomhthéacs na díospóide a tionscnaíodh sa Ghearmáin, gur ghlac Oberlandesgericht Stuttgart (an Ard-Chúirt Réigiúnach, Stuttgart, an

Ghearmáin), le breithiúnas an 13 Márta 2023, cur chuige difriúil ón gcur chuige a d'eascair as breithiúnas an Cour d'appel de Paris.[6] Tugann sé le tuiscint uaidh sin go bhfuil éagsúlacht sa léiriú idir cúirteanna achomhairc na mBallstát.

18. Sna himthosca sin, chinn an Cour de cassation bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1. Maidir leis na forais neamhbhailíochta amhail, ar thaobh amháin, clárú trádmhairc ar neamhréir le forálacha Airteagal 7 [de Rialachán Uimh. 207/2009] agus, ar an taobh eile, de mheon mímhacánta ar thaobh an iarratasóra ar dháta comhdaithe, ar ábhar d'Airteagal 52(1)(a) agus (b), faoi seach, den Rialachán sin iad, an bhfuil siad uathrialach nó fiú eisiach?

2. Má tá freagra diúltach ar an gcéad cheist, an féidir meon mímhacánta an iarratasóra a mheasúnú i bhfianaise na ndearbhfhoras le clárú a dhiúltú a leagtar síos in Airteagal 7(1)(e)(ii) de Rialachán Uimh. 207/2009, agus i bhfianaise na ndearbhfhoras sin amháin, gan a fháil amach gurb é atá sa chomhartha a ndéantar iarratas air mar thrádmharc ná cruth earraí amháin atá riachtanach chun toradh teicniúil a fháil?

3. An bhfuil Airteagal 52(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 le léiriú sa chaoi go gcuirtear as an áireamh meon mímhacánta iarratasóra a bhfuil iarratas ar chlárú trádmhairc curtha isteach aige d'fhonn réiteach teicniúil a chosaint i gcás inar thángthas air, tar éis an iarratais sin, nach raibh aon nasc idir an réiteach teicniúil atá i gceist agus na comharthaí arb iad an trádmharc a ndearnadh iarratas air?'

19. Chuir na páirtithe sna príomhimeachtaí, Rialtas na Fraince agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach. Chuir na páirtithe leasmhara sin argóint ó bhéal i láthair ag an éisteacht an 13 Samhain 2024.

IV. Anailís

20. I gcomhréir le hiarraidh na Cúirte Breithiúnais, díreofar sa Tuairim seo ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú.

21. Sula leanfaidh mé ar aghaidh leis an scrúdú, meabhróidh mé go hachomair an cásdlí ábhartha maidir le meon mímhacánta ar thaobh an iarratasóra agus é ag clárú trádmhairc de chuid AE.

[6] Is léir ón gcomhad náisiúnta a taisceadh i gClárlann na Cúirte gurb é an cuspóir a bhí le cinneadh Oberlandesgericht Stuttgart (an Ard-Chúirt Réigiúnach, Stuttgart, an Ghearmáin) an 13 Márta 2023 deireadh a chur le fionraí na n-imeachtaí um shárú a thionscain CeramTec os comhair chúirteanna na Gearmáine, tar éis clárú trádmharcanna nua de chuid AE, in 2019, a chomhfhreagraíonn do na trádmharcanna atá faoi chonspóid, agus an iarratais ar na trádmharcanna sin arna thionscnamh ag Coorstek le hOifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a chur ar neamhní.

A. Forléargas gairid ar an gcásdlí ábhartha

22. Coincheap uathrialach de chuid dhlí an Aontais is ea an coincheap 'meon mímhacánta' in Airteagal 52(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009.[7] In éagmais aon sainmhíniú sa Rialachán sin, ní mór brí agus raon feidhme an choincheapa a chinneadh i gcomhréir lena ghnáthbhrí sa ghnáthchaint, agus an comhthéacs ina n-úsáidtear é agus na cuspóirí a shaothraítear leis an Rialachán sin á gcur san áireamh.[8]

23. Más rud é, i gcomhréir lena ghnáthchiall sa ghnáthchaint, go nglactar leis an gcoincheap 'meon mímhacánta' go bhfuil staid mhímhacánta intinne ann, is gá, chun críocha a léirithe, comhthéacs ar leith dhlí na dtrádmharcanna a chur san áireamh, arb é comhthéacs na trádála é.[9] Shonraigh an Chúirt mar sin, leis an mbreithiúnas in *Koton*, go bhfuil feidhm ag an dearbhfhoras neamhbhailíochta dá dtagraítear in Airteagal 52(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 i gcás inar léir ó fhianaise ábhartha agus chomhsheasmhach go ndearna dílseánach trádmhairc de chuid AE an t-iarratas ar chlárú an trádmhairc sin a chomhdú ní chun páirt a ghlacadh go cothrom in iomaíocht ach chun an bonn a bhaint, ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir le cleachtais mhacánta, ó leasanna tríú páirtithe, nó leis an rún ceart eisiach a fháil, gan díriú fiú ar thríú páirtí ar leith, chun críocha seachas na críocha sin a thagann faoi fheidhmeanna trádmhairc, go háirithe an fheidhm riachtanach chun tionscnamh a léiriú.[10]

24. Ní mór measúnú foriomlán a dhéanamh ar mheon mímhacánta an iarratasóra, de réir bhrí Airteagal 52(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009, agus na tosca uile a bhaineann le himthosca an cháis á gcur san áireamh.[11] Is toisc shuibiachtúil é rún iarratasóra ar thrádmharc nach mór, áfach, do na húdaráis inniúla riaracháin agus bhreithiúnacha é a chinneadh go hoibiachtúil.[12] Is ar an mbealach sin amháin, de réir na Cúirte Breithiúnais, gur féidir an t-éileamh de mheon mímhacánta a mheas go hoibiachtúil.[13]

25. I measc na dtosca atá ábhartha chun críocha an mheasúnaithe sin, áirítear, go háirithe, go raibh an t-iarratasóir ar an eolas, nó gur cheart dó a bheith ar an eolas, faoi na himthosca a rabhthas ag brath orthu ina choinne i gcomhthéacs na líomhna maidir le meon mímhacánta a ardaíodh ina choinne.[14] Mar a mhíníonn an tAbhcóide Ginearálta Sharpston ina Tuairim in *Chocoladefabriken Lindt & Sprüngli*,[15] ní féidir a rá *a priori* go bhfuil rún mímhacánta ach

7 Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Sky*, mír 73.

8 Féach breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2019, *Koton Mağazacilik Tekstil Sanayi ve Ticaret* v *EUIPO* (C-104/18 P, 'an breithiúnas in *Koton*', EU:C:2019:724, mír 43). Féach, freisin, an breithiúnas in *Sky*, mír 74.

9 Féach an breithiúnas in *Koton*, mír 45.

10 Féach an breithiúnas in *Koton*, mír 46.

11 Féach, maidir le Rialachán (CE) Uimh. 40/94 ón gComhairle an 20 Nollaig 1993 maidir leis an trádmharc Comhphobail (IO 1994 L 11, lch. 1), breithiúnas an 11 Meitheamh 2009, *Chocoladefabriken Lindt & Sprüngli* (C-529/07, 'an breithiúnas in *Lindt*', EU:C:2009:361, mír 37).

12 Féach an breithiúnas in *Koton*, mír 47, agus an breithiúnas in *Lindt*, mír 42. Féach, freisin, maidir leis an gcoincheap 'meon mímhacánta' de réir bhrí Airteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 874/2004 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha beartais phoiblí a bhaineann le cur chun feidhme agus feidhmeanna an Fhearainn Barrleibhéil.eu agus na prionsabail is infheidhme maidir le clárú (IO 2004 L 162, lch. 40), breithiúnas an 3 Meitheamh 2010, *Internetportal und Marketing* (C-569/08, EU:C:2010:311, mír 45).

13 Féach an breithiúnas in *Koton*, mír 47.

14 Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Lindt*, mír 39.

15 C-529/07, 'Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston in *Lindt*', EU:C:2009:148, mír 60.

amháin má tá an páirtí lena mbaineann ar an eolas faoin gcomhthéacs fíorasach ina n-éiríonn an t-aicmiú sin iomchuí. [16] Mar sin féin, ní leor an t-eolas sin, ná toimhde an eolais sin, ann féin chun a shuíomh gurb ann do mheon mímhacánta. [17]

26. Mheas Cúirt Bhreithiúnais agus Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh go leor tosca eile a bheith ábhartha, amhail, go háirithe, an t-iarratas ar thrádmharc mar a comhdaíodh é agus a raon feidhme leathnaithe, [18] tionscnamh agus úsáid níos luaithe an chomhartha a bhfuil clárú á lorg ina leith, [19] cineál an trádmhairc a ndearnadh iarratas ina leith, [20] an caidreamh tráchtála idir an t-iarratasóir ar dhearbhú neamhbhailíochta agus dílseánach an trádmhairc atá faoi chonspóid, an loighic tráchtála a bhfuil an t-iarratas ar chlárú mar chuid de agus croineolaíocht na n-imeachtaí as a n-eascraíonn an comhdú sin, [21] chomh maith leis an méid clú atá ag an gcomhartha tráth a comhdaíodh an t-iarratas ar chlárú. [22]

27. Mar sin féin, níl sna tosca seo go léir ach léaráidí ó shraith fachtóirí is féidir a chur san áireamh. [23] Go bunúsach, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta Sharpston faoi deara ina Tuairim in *Lindt*, ní féidir an coincheap 'meon mímhacánta' de réir bhrí Airteagal 52(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 a theorannú do chatagóir teoranta fíoras ar leith. [24]

28. Mar fhocal scoir, cé go dtugtar treoir shoiléir i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta maidir le conas measúnú a dhéanamh ar mheon mímhacánta an iarratasóra ar thrádmharc de chuid AE, níor sainíodh an coincheap sin go fóill. Léiríonn sé sin cuspóir leas an phobail atá mar bhonn leis an dearbhfhoras neamhbhailíochta comhfhreagrach, is é sin cosc a chur ar chlárúcháin trádmharcanna atá mí-úsáideacha nó atá contrártha do chleachtais tráchtála agus thionsclaíocha mhacánta. Bhainfí an bonn de chuspóir den sórt sin dá ndéanfaí meon mímhacánta a shainiú go huileghabhálach agus nach bhféadfaí é a léiriú ach amháin le himthosca atá liostaithe go huileghabhálach. [25]

B. An chéad cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

29. Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur den Chúirt Bhreithiúnais an bhfuil na dearbhfhorais neamhbhailíochta dá bhforáiltear in Airteagal 52(1)(a) agus (b), faoi seach, de Rialachán Uimh. 207/2009 'uathrialach' agus 'eisiach'.

30. Ar an gcéad dul síos, tabharfaidh mé aghaidh ar an gceist maidir le uathriail na bhforas neamhbhailíochta sin agus, ar an dara dul síos, ar an gceist an bhfuil siad eisiach.

16 Féach an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Sharpston in *Lindt*, mír 61.

17 Féach an breithiúnas in *Lindt*, míreanna 40 agus 41, agus breithiúnas an 27 Meitheamh 2013, *Malaysia Dairy Industries* (C-320/12, EU:C:2013:435, mír 37).

18 Féach an breithiúnas in *Koton*, mír 65.

19 Féach breithiúnas an 8 Bealtaine 2014, *Simca Europe* v *OHMI – PSA Peugeot Citroën (Simca)* (T-327/12, EU:T:2014:240, míreanna 40 agus 46); féach, freisin, breithiúnas an 21 Aibreán 2021, *Hasbro* v *EUIPO – Kreativni Dogadaji (MONOPOLY)* (T-663/19, 'an breithiúnas in *Hasbro*', EU:T:2021:211,, 38.

20 Féach an breithiúnas in *Lindt*, mír 50.

21 Féach an breithiúnas in *Koton*, míreanna 62 go 64.

22 Féach an breithiúnas in *Lindt*, mír 51.

23 Féach, mar shampla, breithiúnas an 6 Iúil 2022, *Zdút* v *EUIPO – Nehera agus páirtithe eile (Nehera)* (T-250/21, EU:T:2022:430, mír 28).

24 Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston in *Lindt*, mír 60.

25 Féach, chuige sin, trí thagairt do na himthosca a chuir an Chúirt Bhreithiúnais san áireamh sa bhreithiúnas in *Lindt*, an breithiúnas in *Hasbro*, mír 37. Féach freisin, maidir leis an gcoincheap 'meon mímhacánta' in earnáil chlárú na n-ainmneacha fearainn, breithiúnas an 3 Meitheamh 2010, *Internetportal und Marketing* (C-569/08, EU:C:2010:311, mír 37).

1. An bhfuil na dearbhfhorais neamhbhailíochta a leagtar síos in Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 uathrialach?

31. Cosúil leis na páirtithe leasmhara uile a chuir barúlacha isteach sna himeachtaí seo, táim den tuairim go bhfuil na dearbhfhorais neamhbhailíochta a leagtar síos in Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 neamhspleách ar a chéile agus uathrialach, sa mhéid nach nglactar leis go bhfuil cur i bhfeidhm ceann amháin ag brath ar chur i bhfeidhm nó neamhchur i bhfeidhm an chinn eile. Tá a raon feidhme féin ag gach ceann acu agus tugann siad údar, as a stuaim féin, le trádmharc de chuid AE a chur ar neamhní i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir lena chur i bhfeidhm.

32. Ar an gcéad dul síos, eascraíonn an neamhspleáchas sin as foclaíocht agus ó struchtúr Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 207/2009. Leagtar amach an dá dhearbhfhoras neamhbhailíochta ar leithligh sa dá mhír de liosta a bhfuil siad ina n-eilimintí amháin díobh. Tá leathstad eatarthu, a léiríonn go séimeantach rún reachtas an Aontais idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an dá chás. Thairis sin, níl aon fhoclaíocht san fhoráil sin, ina habairt tosaigh ná sa liosta thíos, lena léirítear go bhfuil eilimintí na forála sin carnach.

33. Ina dhiaidh sin, tá uathriail na ndearbh-chlásal neamhbhailíochta a liostaítear in Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 soiléir ó anailís, ar thaobh amháin, ar a gcomhthéacs agus, ar aon taobh eile, ar na cuspóirí a shaothraítear leo.

34. Maidir leis an gcomhthéacs, is féidir uathriail den sórt sin a thuiscint, ar an gcéad dul síos, ón bhfíoras go dtagraítear leis an bhforas le neamhbhailíocht dá bhforáiltear i bhfomhír (a), murab ionann agus an foras le neamhbhailíocht dá bhforáiltear i bhfomhír (b) den fhoráil sin, do na dearbhfhorais le diúltú do chlárú a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán sin agus nach mór é a léamh agus a léiriú i gcomhar leis an Airteagal sin. Ina dhiaidh sin, mar a thug roinnt páirtithe leasmhara a chuir barúlacha isteach sna himeachtaí seo faoi deara, tá gach ceann de na forais chun clárú a dhiúltú a liostaítear in Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 neamhspleách ar na cinn eile agus ní mór scrúdú ar leith a dhéanamh orthu,[26] agus mar thoradh air sin cumhdaítear le hAirteagal 52(1)(a) den Rialachán sin féin dearbhfhorais neamhbhailíochta atá uathrialach ar a chéile agus a bhfuil a raon feidhme féin ag gach ceann acu. *A fortiori*, ba cheart uathrialach den sórt sin a aithint maidir leis an bhforas neamhbhailíochta dá bhforáiltear i bhfomhír (b) den fhoráil sin. Ar deireadh, cé go soláthraítear le hAirteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 liosta uileghabhálach de na forais le neamhbhailíocht trádmhairc de chuid AE,[27] tá na forálacha a leagtar síos i bhfomhíreanna (a) agus (b) de chineál difriúil, dúnadh na forálacha sin agus níl siad infheidhme ach amháin sna cásanna a liostaítear go huileghabhálach in Airteagal 7(1) den Rialachán sin, an dara ceann ag tagairt don choincheap oscailte agus athraitheach 'meon mímhacánta', a bhféadfadh feidhm a bheith aige i líon neamhchinntithe cásanna.

35. Maidir leis na cuspóirí, tá aidhmeanna ar leith, mar sin féin, ag baint leis na dearbhfhorais neamhbhailíochta a leagtar síos in Airteagal 52(1)(a) agus (b) de Rialachán Uimh. 207/2009, cé go bhfuil siad ar aon dul leis an gcuspóir atá á shaothrú ag rialacha trádmhairc AE,[28] is é sin cur leis an gcóras iomaíochta neamhshaofa san Aontas Eorpach.

36. Tá sé i gceist leis an bhforas iomlán neamhbhailíochta dá bhforáiltear i bhfomhír (a) den fhoráil sin trádmharcanna a cláraíodh a neamhbhailíochtú in ainneoin nach gcomhlíonann siad na coinníollacha go léir a leagtar síos in Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 agus, dá bhrí

[26] Féach, maidir le Rialachán Uimh. 40/94, breithiúnas an 8 Bealtaine 2008 (*Eurohypo* v *OHIM*, C-304/06 P, EU:C:2008:261, mír 54).

[27] Féach an breithiúnas in *Sky*, míreanna 57 agus 58.

[28] Féach, go háirithe, an breithiúnas in *Sky*, mír 74 agus an cásdlí dá dtagraítear.

sin, nach bhfuil siad oiriúnach lena gclárú. Cáintear *locht sa trádmharc* leis agus féachtar leis cosaint a thabhairt do leas an phobail atá mar bhunús leis an bhforas iomlán le diúltú a formhuinítear leis.

37. Maidir leis, go háirithe, an foras a leagtar amach in Airteagal 7(1)(e)(ii) de Rialachán Uimh. 207/2009, arb é an t-aon cheann atá ábhartha chun críocha an cháis seo,[29] chinn an Chúirt Bhreithiúnais gurb é leas an phobail is bunús leis cosc a chur ar dhlí na dtrádmharcanna monaplacht a thabhairt do ghnóthas maidir le réitigh theicniúla nó saintréithe feidhmiúla táirge.[30] Shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais freisin go mbaintear cothromaíocht amach idir dhá cheanglas, a bhfuil gach ceann acu in ann rannchuidiú le córas iomaíochta folláine agus cothroime a chruthú, eadhon, ar an gcéad dul síos, cosc a chur ar chosaint réitigh theicniúil phaitinnithe a bhuanú tar éis don phaitinn dul in éag agus, ar an dara dul síos, an neamhoiriúnacht chun clárú a theorannú do thrádmharcanna amháin, rud a chuirfeadh bac iarbhír ar ghnóthais eile réiteach teicniúil a úsáid, leis an bhforáil sin.[31]

38. Is é is cuspóir don dearbhfhoras neamhbhailíochta a leagtar síos in Airteagal 52(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 a áirithiú go mbeidh oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil sé beartaithe acu córas trádmharcanna AE a úsáid rannpháirteach go cothrom san iomaíocht. Dá bhrí sin, tá sé mar aidhm leis pionós a ghearradh ar locht is gné dhílis den iarratas ar chlárú agus ní den trádmharc ann féin.[32]

39. Ní gá go gciallódh uathrialach na bhforas neamhbhailíochta dá bhforáiltear in Airteagal 52(1)(a) agus (b) de Rialachán Uimh. 207/2009 go bhfuil siad eisiach freisin.

2. An bhfuil na dearbh-chlásal neamhbhailíochta a leagtar síos in Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 eisiach?

40. Ba mhaith liom a chur in iúl, mar réamhphointe, nach bhfuil foclaíocht Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 san abairt réamhráiteach ná sa liosta focal ina dhiaidh sin lena léirítear go bhfuil an dá eilimint den liosta sin comheisiach nó, os a choinne sin, go bhféadfaidís a bheith ann ag an am céanna. Ní mór, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar an gceist an bhfuil gaol loighciúil eisiachais idir na heilimintí sin i bhfianaise, go háirithe, an chomhthéacs agus na gcuspóirí a bhfuil an fhoráil sin mar chuid díobh.

41. I ndáil leis sin, feictear dom, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil aon rud i Rialachán Uimh. 207/2009 lena gcuirtear cosc ar dhearbhú neamhbhailíochta trádmhairc de chuid AE ar bhonn roinnt dearbhfhoras neamhbhailíochta, dá dtagraítear in Airteagal 52(1)(a) nó (a) agus (b) den Rialachán sin. Is dócha nach mbeidh an fhéidearthacht sin ann go minic, ós rud é gur leor coinníollacha ceann de na forais neamhbhailíochta sin a chomhlíonadh chun go ndearbhófar go

[29] Ba mhaith liom a chur in iúl go bhforáiltear le hAirteagal 7(1)(e)(ii) de Rialachán Uimh. 207/2009, ina leagan bunaidh, is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, nach bhfuil comharthaí nach bhfuil iontu ach 'cruth na n-earraí atá riachtanach chun toradh teicniúil a fháil' le clárú. Leasíodh raon feidhme an dearbhfhorais sin le diúltú le Rialachán 2015/2424, lena dtugtar isteach an fhoclaíocht arna húsáid faoi láthair in Airteagal 7(1)(e)(ii) de Rialachán 2017/1001, ag tagairt do chomharthaí nach bhfuil iontu ach cruth earraí nó saintréith eile d'earraí is gá chun toradh teicniúil a fháil. Ní gá a mheas, áfach, an bhféadfaí brath ar Airteagal 7(1)(e)(ii) de Rialachán Uimh. 207/2009 chun clárú datha táirge a chosc chun críocha an fhreagra a thabharfar ar na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú, ós rud é go bhfuil na ceisteanna sin bunaithe ar an mbonn nach bhfuil an foras iomlán le diúltú a leagtar síos leis an bhforáil sin infheidhme in imthosca an cháis sna príomhimeachtaí in aon chás.

[30] Féach Breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2010, Cás C-48/09 P, *Lego Juris* v *OHIM*, (C-48/09 P, EU:C:2010:516, mír 43).

[31] Féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2010, *Lego Juris* v *OHIM*, (C-48/09 P, EU:C:2010:516, míreanna 44 go 48).

[32] Féach, chuige sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston in *Lindt*, mír 41.

bhfuil trádmhairc de chuid AE neamhbhailí [33] agus go mbeidh iarmhairtí na neamhbhailíochta mar an gcéanna beag beann ar an bhforas ar ar dearbhaíodh é. [34] Mar sin féin, ní féidir cur i bhfeidhm carnach Airteagal 52(1)(a) agus (b) de Rialachán Uimh. 207/2009 a chur as an áireamh, go háirithe, agus é á chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 52(3) den Rialachán sin, i gcás nach bhfuil an foras neamhbhailíochta ann ach i ndáil le roinnt de na hearraí nó seirbhísí lena bhfuil an trádmharc de chuid AE cláraithe, nach bhféadfar a dhearbhú go bhfuil an trádmharc de chuid AE neamhbhailí ina iomláine. [35]

42. Ar an dara dul síos, níl aon rud i Rialachán Uimh. 207/2009 chun tacú leis an gconclúid go bhfuil cinneadh nach bhfuil ceann de na dearbhfhorais neamhbhailíochta dá dtagraítear in Airteagal 52(1)(a) nó (b) de Rialachán Uimh. 207/2009 infheidhme ina chonstaic ar chur i bhfeidhm an chinn eile. Is léir ó mhíreanna 31 go 38 den Tuairim seo go bhfuil difríocht idir na forais neamhbhailíochta sin maidir lena gcoinníollacha cur i bhfeidhm agus a gcuspóir agus a n-aidhm. Dá bhrí sin, ní féidir a chur as an áireamh a priori, i gcás ina rabhthas ag brath orthu le chéile mar thaca le frithéileamh ar dhearbhú neamhbhailíochta, agus inar scrúdaíodh ceann amháin agus inar diúltaíodh dó, nach bhfuil feidhm ag an gceann eile ach an oiread. Dá bhrí sin, cé nach féidir, mar shampla, i gcomhréir le hAirteagal 52(2) de Rialachán Uimh. 207/2009, seasamh le hiarratas ar dhearbhú neamhbhailíochta bunaithe ar mhír 1(a) den Rialachán sin, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(b), (c) nó (d) de, ar an bhforas go bhfuil saintréith faighte ag an trádmharc atá faoi chonspóid idir an dá linn, ní chuirtear cosc leis sin ar dhearbhú neamhbhailíochta an dtrádmhairc sin de bhun Airteagal 52(1)(b) den Rialachán sin, ar a bhfuiltear ag brath freisin chun tacú leis an iarratas sin, má shuitear gur chláraigh a dhílseánach é de mheon mímhacánta.

3. Conclúid maidir leis an gcéad cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

43. Mar fhocal scoir, i bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, táim den tuairim gur cheart gurb é an freagra ar an gcéad cheist a tharchuirtear ná go bhfuil na dearbhfhorais neamhbhailíochta a leagtar síos in Airteagal 52(1)(a) agus (b) de Rialachán Uimh. 207/2009 faoi seach uathrialach, ach nach bhfuil siad eisiach.

C. Ar an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

44. Lena dara ceist, a ardaítear sa chás gur cheart don Chúirt Bhreithiúnais freagra diúltach a thabhairt ar an gcéad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an féidir meon mímhacánta iarratasóir, ar iarratasóir é a bhfuil sé ar intinn aige comhartha a chosaint nach bhfuil ann ach an cruth is gá chun toradh teicniúil a fháil, a shainaithint, beag beann ar chlárú an chomhartha sin a bheith contrártha leis an bhforas iomlán le diúltú a leagtar síos in Airteagal 7(1)(e)(ii) de Rialachán Uimh. 207/2009.

[33] Féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 2013, *SA.PAR.* v *OHIM – Salini Costruttori (GRUPPO SALINI)* (T-321/10, EU:T:2013:372, mír 46).

[34] Féach Airteagal 55 de Rialachán Uimh. 207/2009.

[35] Meabhraím, amhail na forais neamhbhailíochta a bhaineann leis na dearbhfhorais le clárú a dhiúltú, dá dtagraítear in Airteagal 52(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, nach bhféadfaidh baint a bheith ag meon mímhacánta ach le hearraí nó seirbhísí áirithe ar cláraíodh an trádmharc atá faoi chonspóid ina leith; féach, chuige sin, an breithiúnas in *Sky*, míreanna 79 agus 80, agus mír 2 den chuid oibríochtúil.

45. Is léir ón anailís a rinneadh ar an gcéad cheist a tarchuirtear le haghaidh réamhrialú go bhfuil raon feidhme agus cuspóir sonrach ag an bhforas iomlán neamhbhailíochta don trádmharc de chuid AE atá bunaithe ar mheon mímhacánta ar thaobh an iarratasóra maidir leis na dearbhfhorais neamhbhailíochta lena dtacaítear le dearbhfhoras a bheith ann chun clárú a dhiúltú.

46. Ní bhraitheann bunú de mheon mímhacánta ar cé acu atá nó nach bhfuil an comhartha is ábhar don iarratas ar thrádmharc inchláraithe, ach éilítear leis measúnú ar rún an iarratasóra i bhfianaise na n-imthosca ábhartha uile agus a mhéid a chomhlíonann sé na caighdeáin iompair a aithnítear a bheith inghlactha i gcomhthéacs ar leith an dlí maidir le trádmharcanna agus chúrsa na trádála. [36]

47. Dá bhrí sin, mar a thugann an Coimisiún le fios, agus an ceart aige, ina bharúlacha, ní féidir meon mímhacánta a thuiscint ón bhfíric oibiachtúil amháin gur comhdaíodh an t-iarratas ar thrádmharc chun comhartha a chosaint a bhfuil a chlárú eisiata faoi cheann de na dearbhfhorais le diúltú a leagtar síos in Airteagal 7 de Rialachán Uimh. 207/2009. Bheadh sé sin ag dul in aghaidh uathriail na ndearbhfhoras neamhbhailíochta a leagtar síos in Airteagal 52(1)(a) agus (b) faoi seach den Rialachán sin agus leis an bprionsabal nach mór a thoimhdiú de mheon macánta in éagmais cruthúnas ar a mhalairt. [37] Os a choinne sin, tugtar le tuiscint leis an gcinneadh gur cláraíodh comhartha contrártha d'fhoras iomlán chun clárú a dhiúltú go gcomhlíontar na coinníollacha oibiachtúla uile lena rialaítear cur i bhfeidhm an fhorais sin, gan beann ar rún an iarratasóra.

48. Ní chuireann uathriail na ndearbhfhoras neamhbhailíochta cosc, áfach, ar fhorluí a d'fhéadfadh a bheith ann agus measúnú á dhéanamh ar bhailíocht an trádmhairc i gcás sonrach.

49. De bharr a gcineáil, d'fhéadfadh imthosca fíorasacha agus dlíthiúla éagsúla a bheith i gceist le clárúcháin de mheon mímhacánta. Fágann sé sin go bhfuil sé thar a bheith deacair sainmhíniú de chineál teibí a thabhairt ar na saintréithe a bhaineann le clárú den sórt sin agus, mar a chonaiceamar, measúnú a dhéanamh ar gach líomhain de meon mímhacánta ar bhonn na ngnéithe ábhartha uile a chuir an t-iarratasóir ar neamhniú chun cinn.

50. Sa chomhthéacs sin, ní féidir a chur as an áireamh gur féidir roinnt tosca nach mór a chur san áireamh i gcomhthéacs an mheasúnaithe sin a chur san áireamh freisin agus measúnú á dhéanamh ar cláraíodh an trádmharc de shárú ar cheann de na dearbhfhorais chun clárú a dhiúltú, cé nach gceanglaítear leis sin go gcomhlíonfar na coinníollacha go léir chun an foras sin a chur i bhfeidhm.

51. Thairis sin, tháinig an Chúirt Bhreithiúnais ar chonclúid chomhchosúil sa bhreithiúnas in *Koton*, nuair a rinneadh iniúchadh ar fhorluí a d'fhéadfadh a bheith ann idir an dearbhfhoras neamhbhailíochta bunaithe ar mheon mímhacánta an iarratasóra agus an foras coibhneasta

[36] Féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Samhain 2019, *Outsource Professional Services* v *EUIPO* (C-528/18 P, EU:C:2019:961, mír 69), a bhain le leithreasú an iarratasóra ar chomhartha tuairisciúil arna úsáid ag tríú páirtí.

[37] Tá toimhde bhailíochta ag trádmharc de chuid AE (féach Airteagal 99(1) de Rialachán Uimh 207/2009). Dá bhrí sin, is faoin iarratasóir ar dhearbhú neamhbhailíochta a bhfuil sé ar intinn aige brath ar an bhforas dá dtagraítear in Airteagal 52(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 na himthosca a shuí lenar féidir a chinneadh gur ghníomhaigh an t-iarratasóir de mheon mímhacánta agus an t-iarratas ar chlárú á chomhdú aige. Ina dhiaidh sin, maidir leis an dara ceann, mar gheall ar fhrisnéis ar thoimhde an mheoin mhacánta a theachtann sé, ní mór mínithe sochreidte a sholáthar maidir leis na cuspóirí agus an loighic tráchtála a shaothraítear leis an iarratas ar chlárú an trádmhairc sin, féach, chuige sin, an breithiúnas in *Hasbro*, míreanna 42 agus 43.

neamhbhailíochta dá bhforáiltear in Airteagal 53(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, a bhaineann le trádmharc níos luaithe a bheith ann a d'fhéadfaí a mheascadh leis an gcomhartha a ndearnadh iarratas ina leith. [38]

52. I gcás amhail an cás sna príomhimeachtaí, i gcomhthéacs frithéilimh ar dhearbhú neamhbhailíochta, ina bhfuil dílseánach trádmhairc de chuid AE faoi dhíospóid go bunúsach as straitéis a shaothrú, tríd an trádmharc sin a chlárú, atá ceaptha chun cosc a chur ar a iomaitheoirí earraí a thairiscint ar an margadh ina n-ionchorpraítear réiteach teicniúil ar a raibh monaplacht aige a bhuí le paitinn a chuaigh in éag idir an dá linn, tá an cheist an gcaithfear clárú den sórt sin a mheas de mheon mímhacánta éagsúil ón gceist an bhfuil an trádmharc lena mbaineann comhdhéanta go heisiach den fhoirm is gá chun toradh teicniúil a fháil agus an dtagann sé, ar an gcúis sin, faoi raon feidhme na forais le haghaidh neamhbhailíochta iomlán dá bhforáiltear in Airteagal 52(1)(e)(ii) de Rialachán Uimh. 207/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(e)(ii), den Rialachán sin. Sa chéad chás, caitear amhras ar dhlisteanacht na gcuspóirí atá á saothrú ag an iarratasóir, ach sa dara cás is é bailíocht an trádmhairc atá faoi cheist.

53. Dá bhrí sin, toisc nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 52(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009 i gcomhar le hAirteagal 7(1)(e)(ii) den Rialachán sin, ní chuirtear cosc ar an gcúirt náisiúnta a éisteann caingean den sórt sin a chinneadh gur cláraíodh an trádmharc lena mbaineann de mheon mímhacánta, i gcás inar ghá a léiriú ó fhianaise ábhartha agus chomhsheasmhach gur chomhdaigh a dílseánach an t-iarratas ar chlárú an trádmhairc sin ní chun páirt chothrom a ghlacadh in iomaíocht ach le hintinn mhímhacánta.

54. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil rún den sórt sin ann, féadfaidh an chúirt náisiúnta ar tugadh na himeachtaí os a comhair imthosca a chur san áireamh a d'fhéadfaí a chur san áireamh chun bailíocht an trádmhairc lena mbaineann a fhíorú i bhfianaise Airteagal 52(1) (a) de Rialachán Uimh. 207/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(e)(ii) den Rialachán sin, amhail, mar shampla, cineál an trádmhairc lena mbaineann agus go raibh saintréithe áirithe an trádmhairc sin faoi chosaint ag paitinn a chuaigh in éag idir an dá linn. Trí fhéidearthacht den sórt sin a cheadú, ní dhéantar measúnú ar mheon mímhacánta ar thaobh an iarratasóra 'i bhfianaise an fhorais dhaingin chun clárú a dhiúltú dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(e)(ii) de Rialachán Uimh. 207/2009 amháin', ná ní dhéantar léamh 'comhcheangailte' ar an bhforáil sin ná ar Airteagal 52(1)(b) den Rialachán sin ná ní dhéantar, [39] trí thagairt don choincheap 'meon mímhacánta', an mhainneachtain na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an fhorais sin a leigheas.

55. É sin ráite, in imthosca amhail na cinn a ndearna mé cur síos orthu díreach roimhe seo, ní féidir, i mo thuairimse, meon mímhacánta a shuíomh ón bhfíric go ndearnadh iarratas ar chlárú an chomhartha atá i gceist chun gnéithe de chuma táirge a raibh faoi chosaint ag paitinn roimhe sin a chosaint, i gcás ina dtarlaíonn sé nach dtagann an comhartha sin faoi raon feidhme

[38] Sa bhreithiúnas sin, agus é á chur in iúl aici go bhfuil an dearbhfhoras neamhbhailíochta dá dtagraítear in Airteagal 52(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 éagsúil go bunúsach leis an bhforas neamhbhailíochta coibhneasta dá dtagraítear in Airteagal 53(1)(a) den Rialachán sin, ghlac an Chúirt mar sin féin leis go bhféadfadh ceann amháin de na coinníollacha chun an fhoráil dheireanach sin a chur i bhfeidhm, eadhon úsáid comhartha atá comhionann nó cosúil leis an trádmharc atá faoi chonspóid ag tríú páirtí, a bheith ina ghné den chomhthéacs ábhartha chun críocha measúnú a dhéanamh ar mheon mímhacánta, gan a thabhairt le tuiscint, áfach, gur gá na coinníollacha sin go léir a chomhlíonadh agus, go háirithe, a bhaineann le dóchúlacht mearbhaill a bheith ann (féach an breithiúnas in *Koton*, míreanna 49, 53 agus 54; féach, freisin, breithiúnas an 13 Samhain 2019, *Outsource Professional Services* v *EUIPO* (C-528/18 P, EU:C:2019:961, mír 61)).

[39] Ar chaoi ar bith, ní mór léamh comhcheangailte den sórt sin a chur as an áireamh; féach, de réir analaí, breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2015, *Société des Produits Nestlé* (C-215/14, EU:C:2015:604, mír 50).

Airteagal 7(1)(e)(ii) de Rialachán Uimh. 207/2009.[40] Ní mór do ghnéithe ábhartha eile tacú leis an maíomh ansin nár ghníomhaigh an t-iarratasóir ar mhaithe le páirt chothrom a ghlacadh san iomaíocht, ach le hintinn mhímhacánta.

56. Aithním, i gcomhthéacs den sórt sin, go bhféadfadh an líne dheighilte idir straitéis tráchtála dhlisteanach agus meon mímhacánta a bheith sách caol.

57. Chun fíor-rún an iarratasóra a shuíomh, is faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh na himeachtaí os a comhair a bheidh sé measúnú a dhéanamh ar na tosca go léir a bhaineann leis an gcás ar leith, lena n-áirítear, go háirithe, cineál an trádmhairc atá i gceist,[41] tionscnamh an chomhartha faoi chosaint agus a úsáid ó cruthaíodh é, raon feidhme na paitinne agus croineolaíocht na n-imeachtaí. Féadfaidh an méid seo a leanas, má thacaítear leis, a bheith ina fhianaise i bhfabhar meon mímhacánta: creideamh dílseánach an trádmhairc ar dháta comhdaithe an iarratais ar chlárú gur chlúdaigh an comhartha cláraithe an réiteach teicniúil a bhí faoi chosaint a phaitinn roimhe sin; go raibh an ciontú sin, ar an dáta céanna, roinnte ag a iomaitheoirí, ag úsáideoirí na n-earraí atá i gceist agus ag an bpobal eolaíochta; agus go ndearna sé iarracht creideamh den sórt sin a choinneáil lena chustaiméirí, mar shampla, tríd an gcomhartha atá cumhdaithe ag a thrádmharc a ailíniú d'aon ghnó leis an réiteach teicniúil atá faoi chosaint ag a phaitinn, agus ar an gcaoi sin an trádmharc a atreorú óna fheidhmeanna, go háirithe a fheidhm mar tháscaire tionscnaimh. Ar bhonn níos ginearálta, féadfar a chur san áireamh i measúnú den sórt sin aon iompar ar thaobh dílseánach an trádmhairc a bheadh in ann bunús a thabhairt lena rún an clárú a ndearnadh iarratas ina leith a úsáid chun críocha seachas na críocha sin a shaothraítear le rialacha trádmhairc de chuid AE agus, go háirithe, d'fhonn cosc a chur ar na hiomaitheoirí dul isteach sa mhargadh trí úsáid a bhaint as an réiteach teicniúil ar a raibh monaplacht aige mar gheall ar a phaitinn.

58. I gcás ina bhfuil fianaise ann chun bunús a thabhairt le rún mímhacánta agus chun an toimhde maidir le comhdú de mheon macánta a fhrisnéis, is faoi dhílseánach an trádmhairc a bheidh sé a chruthú gur cuid de straitéis tráchtála dhlisteanach é a chlárú nó gur ghníomhaigh sé ar chúiseanna a bhaineann lena leasanna dlisteanacha a chosaint.[42] Sa chomhthéacs sin, ní féidir, áfach, meon mímhacánta a chur as an áireamh ar an bhforas amháin gur cruthaíodh, tar éis an dáta sin, nach raibh ann go hoibiachtúil don réiteach teicniúil a thoimhdigh dílseánach an trádmhairc ar dháta comhdaithe an iarratais ar chlárú. Ní féidir imthosca a thagann chun cinn tar éis an dáta ábhartha ag deireadh an mheasúnaithe ar mheon mímhacánta a chur san áireamh ach amháin a mhéid a léiríonn siad rún an iarratasóra ar an dáta sin.[43] Thairis sin, díreach mar go gcomhlíonann trádmharc a cláraíodh de mheon mímhacánta feidhmeanna trádmhairc agus, go háirithe, feidhm an tionscnaimh, ní hionann sin ann féin agus bac ar a neamhbhailiú, mar a léirítear go soiléir le neamh-infheidhmeacht na rialach a leagtar síos in Airteagal 52(2) de Rialachán Uimh. 207/2009 maidir le clárú de mheon mímhacánta.

[40] Chuige sin, rialaigh an Ceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an méid sin i gcinneadh an 6 Nollaig 2024, Cás R 12/2024-4, ar fáil ag https://euipo.europa.eu/eSearchCLW/#key/trademark/APL_20241206_R0012_2024-4_001620566. Tar éis dó a chinneadh nár tháinig an trádmharc atá i gceist faoi raon feidhme Airteagal 7(1)(e)(ii) de Rialachán 2017/1001, chinn an Bord Achomhairc sin, agus é ag tabhairt dá aire go raibh an t-éileamh de mheon mímhacánta bunaithe ar argóint aonair — eadhon go ndearnadh iarratas ar an trádmharc chun cosaint phaitinne a ionadú go saorga ar chosaint an trádmhairc — gur ghá é a dhiúltú toisc go raibh sé bunaithe ar bhunús mícheart.

[41] Maidir le cineál an trádmhairc, ba cheart a mheabhrú gur luaigh an Chúirt sa bhreithiúnas in *Lindt*, i gcás ina bhfuil cruth agus cur i láthair foriomlán táirge i gceist leis an gcomhartha lena mbaineann, go bhféadfaí a shuíomh ar bhealach níos éasca go bhfuil meon mímhacánta ag an iarratasóir i gcás ina bhfuil srian ar shaoirse rogha iomaitheoirí maidir leis na heilimintí sin mar gheall ar chúinsí teicniúla nó tráchtála, rud a fhágann go bhfuil dílseánach an trádmhairc in ann cosc a chur ar a iomaitheoirí ní hamháin comhartha comhionann nó comhchosúil a úsáid, ach earraí inchomparáide a mhargú freisin, féach mír 50.

[42] Féach an breithiúnas in *Lindt*, míreanna 47 agus 48; féach, freisin, breithiúnas an 13 Nollaig 2023, *Good Services* v *EUIPO – ITV Studios Global Distribution (EL ROSCO)* (T-383/22, EU:T:2023:801, mír 29).

[43] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Lindt*, míreanna 35 agus 41. Go sonrach, tá an cheist sin ina hábhar don tríú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, ceist nach mbaineann an Tuairim seo léi.

59. Sula gcríochnóidh mé, ba mhaith liom labhairt go hachomair ar phointe a d'ardaigh CeramTec ina chuid barúlacha. Áitíonn an chuideachta sin go bhfuil meon mímhacánta mar shaintréith i gcomhthéacs iompar mí-úsáideach agus go n-éilíonn sé dochar oibiachtúil don iomaíocht, atá eisiata i gcás nach gcuireann an trádmharc lena mbaineann, ar an gcéad dul síos, cosc ar iomaitheoirí a dhílseánaigh réiteach teicniúil a úsáid agus, ar an dara dul síos, go gcomhlíonann sé feidhm trádmhairc mar thionscnamh dá chuid féin.

60. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara, maidir le dlí na dtrádmharcanna, go bhfuil an 'rún' 'dochar a dhéanamh, ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir le cleachtais mhacánta, do leasanna tríú páirtithe', nó 'ceart eisiach a fháil, gan díriú fiú ar thríú páirtí ar leith, chun críocha seachas na críocha sin a thagann faoi fheidhmeanna trádmhairc' mar shaintréith de mheon mímhacánta. [44] Dá bhrí sin, rinne an Chúirt Bhreithiúnais idirdhealú idir dhá chatagóir cásanna a d'fhéadfadh údar cuí a thabhairt do chur i bhfeidhm Airteagal 52(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009, agus cumhdaítear leis an dara catagóir cásanna nach bhfuil an ceart eisiach a iarrtar leis an iarratas ar chlárú comhsheasmhach le ceann d'fheidhmeanna an trádmhairc.

61. Cé go gcumhdaítear leis an gcatagóir sin aon straitéis comhdaithe mhí-úsáideach, [45] ní léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta go bhfuil sí teoranta d'iompar ar féidir é a shaintréithriú mar 'mhí-úsáid ceart', [46] agus dó sin amháin. Ní leanann sé ón gcásdlí sin ach oiread go bhfuil bunú mheon mímhacánta, sna cásanna a thagann faoin dara catagóir sin, faoi réir cruthúnas go raibh éifeacht dhíobhálach ar iomaíocht nó cruthúnas go raibh dílseánach an trádmhairc in ann leas éagórach a bhaint as a iompar mí-úsáideach. [47] In aon chás, ós rud é gurb é an tráth ábhartha chun a mheas an raibh meon mímhacánta ag an iarratasóir ná comhdú an iarratais ar chlárú ag an bpáirtí lena mbaineann, [48] is i bhfianaise na n-imthosca atá ann ar an dáta sin ba cheart, i gcás inarb iomchuí, measúnú a dhéanamh ar riosca oibiachtúil díobhála don iomaíocht agus ar an bhféidearthacht atá ag an dílseánach buntáiste éagórach a bhaint as clárú an trádmhairc agus ní, mar is cosúil a áitíonn CeramTec, ag céim níos déanaí. [49]

[44] Féach, go háirithe, mír 46 den bhreithiúnas in *Koton*.

[45] Féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Iúil 2016, *Copernicus-Trademarks* v *EUIPO – Maquet (LUCEO)* (T-82/14, EU:T:2016:396, míreanna 28 go 33, agus 48 go 52; achomharc a diúltaíodh le hordú an 14 Nollaig 2017, *Verus* v *EUIPO*, C-101/17 P, EU:C:2017:979), agus breithiúnas an 13 Iúil 2022, *Pejović* v *EUIPO – ETA živilska industrija (TALIS)* (T-283/21, EU:T:2022:438, míreanna 30 go 32), agus, chuige sin ach i gcomhthéacs difriúil, breithiúnas an 17 Eanáir 2024, *Athlet* v *EUIPO – Heuver Banden Groothandel (ATHLET)* (T-650/22, EU:T:2024:11, mír 52), agus an 7 Meán Fómhair 2022, *Segimerus* v *EUIPO – Karsten Manufacturing (MONSOON)* (T-627/21, EU:T:2022:530, mír 37).

[46] Sa bhreithiúnas in *Hasbro* (mír 72), dá dtagraíonn *CeramTec*, níor thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara ach go raibh sé d'aidhm ag an straitéis chomhdúcháin a shaothraigh an t-iarratasóir sa chás ba chúis leis an mbreithiúnas sin, dul timpeall ar an riail maidir le cruthúnas ar úsáid, 'nach raibh neamhchosúil le mí-úsáid cearta'. [Aistriúchán neamhoifigiúil] Dúirt an tAbhcóide Ginearálta Kokott ina Tuairim in *Koton* (C-104/18 P, EU:C:2019:287) go 'bhféadfaidh an cásdlí a bhaineann le cinneadh a dhéanamh maidir le hiompar mí-úsáideach treoir a thabhairt agus scrúdú á dhéanamh ar mheon mímhacánta' (mír 31), agus an cheist á fágáil gan réiteach ar cheart, 'go mbeadh meon mímhacánta, murab ionann agus mí-úsáid, ag brath ar an bhfíoras nach mbaintear an aidhm amach agus ar bhuntáiste míchuí, ach […] ar imeacht ó phrionsabail aitheanta na hiompraíochta eiticiúla nó na gcleachtas macánta in ábhair thionsclaíocha nó thráchtála' (mír 37). [Aistriúchán neamhoifigiúil] Ó thaobh na Cúirte de, níor thug sí aghaidh go hoscailte ar an tsaincheist in *Koton*, ach ní dhearna sí ach an déscaradh a thabhairt isteach i mír 46 den bhreithiúnas sin.

[47] Is fíor, i mír 74 den bhreithiúnas in *Hasbro*, dá dtagraíonn *CeramTec*, gur bhraith an Chúirt Ghinearálta ar chinneadh EUIPO gur bhain an t-achomharcóir tairbhe iarbhír as a straitéis comhdaithe arís agus arís eile. Mar sin féin, is léir ón mír 74 sin, ina luaitear go ndearnadh an cinneadh sin 'in ainneoin na fianaise lena léirítear go raibh sé ar intinn ag an iarratasóir, *inter alia*, gan cruthúnas a thabhairt ar aird maidir le húsáid an trádmhairc atá faoi chonspóid', gur mheas an Chúirt Ghinearálta gur gné níos déanaí é an buntáiste a baineadh as an straitéis atá faoi chonspóid a thacaíonn le rún mímhacánta an iarratasóra tráth a comhdaíodh an t-iarratas ar chlárú, seachas mar ghné atá riachtanach chun meon mímhacánta a shuí. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

[48] Féach an breithiúnas in *Lindt*, mír 35.

[49] Tá sé seo le feiceáil freisin ó bhreithiúnas an 6 Iúil 2022, *Zdút* v *EUIPO – Nehera agus páirtithe eile (nehera)* (T-250/21, EU:T:2022:430), dá dtagraíonn *CeramTec* ina chuid barúlacha. Sa chás ba chúis leis an mbreithiúnas sin, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don líomhain maidir le meon mímhacánta bunaithe ar rún an iarratasóra saorthairbhiú a dhéanamh, arb é atá ann buntáiste éagórach a bhaint as clú mairc níos luaithe, tar éis di, *inter alia*, a chinneadh nach raibh aon cháil ar an dtrádmhairc sin a thuilleadh tráth a comhdaíodh an t-iarratas ar chlárú an dtrádmhairc (míreanna 45 go 53, 66, 69 agus 70 den bhreithiúnas sin).

62. Mar fhocal scoir, i bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, táim den tuairim gurb é an freagra ar an dara ceist a tarchuirtear nach mór Airteagal 52(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 a léiriú sa chaoi, chun a mheas an bhfuil an t-iarratasóir ag gníomhú de mheon mímhacánta, go bhféadfar tosca a chur san áireamh a d'fhéadfadh cabhrú le neamhbhailíocht iomlán an trádmhairc atá faoi chonspóid a thréithriú ar bhonn Airteagal 52(1) (a) den Rialachán sin, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(e)(ii) de. Ós rud é nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an dearbhfhorais chun clárú a dhiúltú a leagtar síos san fhoráil dheireanach sin ina n-iomláine, ní chuirtear cosc ar an iarratasóir an trádmharc sin a chur san áireamh nó a chur ar neamhní ar fhoras meon mímhacánta, i gcás inar léir, ar bhonn na dtosca ábhartha go léir a bhaineann go sonrach leis an gcás áirithe agus a bhí ann tráth a comhdaíodh an t-iarratas ar thrádmharc, nár cuireadh an t-iarratas isteach chun páirt chothrom a ghlacadh in iomaíocht, ach le rún mímhacánta.

V. Conclúid

63. Ar bhonn na mbreithnithe go léir roimhe seo, molaim don Chúirt Bhreithiúnais freagra a thabhairt ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist a tharchuir an Cour de cassation (an Chúirt Achomhairc, an Fhrainc) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagal 52(1) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis an trádmharc de chuid AE,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   tá na dearbhfhorais neamhbhailíochta maidir leis an trádmharc de chuid AE a leagtar síos i bhfomhíreanna (a) agus (b) den fhoráil sin, a bhaineann le clárú trádmhairc ar neamhréir le forálacha Airteagal 7 den Rialachán sin agus de mheon mímhacánta ar thaobh an iarratasóra tráth a chomhdaítear an t-iarratas ar thrádmharc faoi seach, uathrialach ach níl siad eisiach.

2. Chun a mheas an bhfuil an t-iarratasóir ag gníomhú de mheon mímhacánta, féadfar tosca a d'fhéadfadh cur le neamhbhailíocht iomlán an trádmhairc atá faoi chonspóid ar bhonn Airteagal 52(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(e)(ii) den Rialachán sin, a chur san áireamh. Ós rud é nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an dearbhfhorais chun clárú a dhiúltú a leagtar síos san fhoráil dheireanach sin ina n-iomláine, ní chuirtear cosc leis sin ar an méid sin a chur san áireamh nó an trádmharc sin a chur ar neamhní ar fhoras mheon mímhacánta ar thaobh an iarratasóra, i gcás inar léir, ar bhonn na dtosca ábhartha go léir a bhaineann go sonrach leis an gcás áirithe agus a bhí ann tráth a comhdaíodh an t-iarratas ar thrádmharc, nár comhdaíodh an trádmharc chun páirt a ghlacadh go cothrom in iomaíocht ach le hintinn mhímhacánta.